



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS)

## Téarmaí agus Coinníollacha

Ullmhaithe ag Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra  
na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

[npws.ie](http://npws.ie)

Dáta: An 22 Iúil 2021

# Clár Ábhar

<b>Réamhrá</b> .....	<b>1</b>
<b>Cuspóir na Scéime Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS)</b> .....	<b>1</b>
<b>Forálacha Ginearálta</b> .....	<b>2</b>
<b>Sainmhíniú</b> .....	<b>2</b>
Chun críocha na scéime seo: .....	2
<b>Coinníollacha na Scéime</b> .....	<b>3</b>
Cé ar féidir leis cur isteach air? .....	3
<b>Cáilitheacht</b> .....	<b>3</b>
Laistigh den Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC)/Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) .....	3
Lasmuigh den SAC/NHA .....	3
An Scéim um Cheannach Deonach Portaigh nó Iar-Scéimeanna Tailte Portaigh Eile.....	4
An Scéim Chúitimh Scoir de Bhaint Móna (CTCCS) .....	4
Scéimeanna Eile.....	4
<b>Critéir Cháilitheacha</b> .....	<b>5</b>
Talamh Phortaigh .....	5
Talamh Ghlas nó Talamh Dhonn.....	5
<b>Rátaí Íocaíochta</b> .....	<b>6</b>
Íocaíochtaí Dreasachta le Bearta Athchóirithe Talamh Phortaigh a Éascú:.....	6
<b>Tailte a Cheannach, Comhaontuithe Bainistíochta/Léasa Talún</b> .....	<b>7</b>
Portach Ard/Portach Réitithe Neamh-Mhíntírithé.....	7
Talamh Féaraigh/Tailte Talmhaíochta/Portach Réitithe Míntírithé .....	7
Portach Neamh-Ard Draenáilte.....	7
Móinchearta.....	7
Comhaontú Bainistíochta Talún.....	7
<b>Cáin Ghnóthachan Caipitiúil</b> .....	<b>9</b>
<b>Nós Imeachta Iarratais</b> .....	<b>9</b>
<b>Freagracht an Iarratasóra</b> .....	<b>9</b>

<b>Comhaontú Rochtana .....</b>	<b>10</b>
<b>Coinníollacha Breise.....</b>	<b>11</b>
<b>Achomhairc .....</b>	<b>11</b>
<b>Sonraí Teagmhála Ranna / Gníomhaireachtaí Ábhartha eile.....</b>	<b>11</b>
<b>Dóibh Siúd a bhfuil a Móinchearta Féin Acu Amháin .....</b>	<b>13</b>
<b>Cosaint Sonraí.....</b>	<b>14</b>
Ráiteas Príobháideachais.....	14
Cuspóirí na próiseála.....	14
Próifíliú.....	14
Dlíthiúlacht na Próiseála.....	14
Slándáil do Shonraí Pearsanta .....	14
Faighteoirí na Sonraí .....	15
Aistrithe Sonraí Trasteorann.....	15
Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí? .....	15
Do Chearta .....	15
Teagmháil a Dhéanamh Linn.....	15

## Réamhrá

D'ullmhaigh Aonad Bainistíochta Tailte Portaigh, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an RTRÁO) an cháipéis seo mar áis lena chinntiú go mbíonn iarratasóirí ar an eolas ar na riachtanais agus na coinníollacha a bhaineann leis an íocaíocht agus le cabhrú leis an bhfoirm iarratais a líonadh don Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS). Caithfear gach iarratas le páirt a ghlacadh sa scéim a sheoladh ar aghaidh chuig **PRBRIS, An tAonad Bainistíochta Tailte Portaigh, An SPNF, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman Y35 AP90** sa phost nó ar ríomhphost chuig [prbincentscheme@housing.gov.ie](mailto:prbincentscheme@housing.gov.ie) agus beidh cruachóip shínithe le seoladh ar aghaidh ina dhiaidh sin.

Má bhíonn aon cheisteanna ag iarratasóirí maidir lena n-iarratas, seol ríomhphost, le do thoil, chuig [prbincentscheme@housing.gov.ie](mailto:prbincentscheme@housing.gov.ie)

Sa chás go dtagann aon athruithe ar na Téarmaí agus Coinníollacha seo, foilseofar iad ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne, atá ar fáil ag <http://www.npws.ie>

## Cuspóir na Scéime Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS)

Is é cuspóir na scéime seo úinéirí talún agus sealbhóirí móinchirt a dhreasú trí chúiteamh a chur ar tairiscint go ndéanfar a gceapacha a athchóiriú.

Is éard a bhainfidh le hathchóiriú ná dambaí móna agus/nó plaisteacha a ionsá chun draenacha a bhlocáil (ar an bportach ard go príomha) agus/nó bundú díge nó ceall a shuiteáil a ardóidh an maoschlár laistigh den mhóin ag láthair na ndraenacha. Nuair a choimeádtar an maoschlár laistigh de 10 cm ón dromchla, bíonn na dálaí oiriúnach go dtiocfaidh forbairt ar ghnáthóga an phortaigh ardaithe laistigh de na limistéir seo.

Cabhróidh athchóiriú an líonra SAC/NHA le hÉirinn ár sprioc náisiúnta chaomhantais a bhaint amach chun portaigh ardaithe a athchóiriú laistigh den líonra go mbainfidh siad stádas caomhnaithe fabhrach amach agus cabhróidh sé le gealltanais na hÉireann faoin Treoir maidir le Gnáthóga go mbeidh líonra portaigh ardaithe ann a chaomhnaíonn sampla ionadaíoch de phortach ardaithe in Éirinn atá inbhuanaithe amach anseo.

Is féidir teacht ar shonraí breise ar phortaigh ardaithe a athchóiriú sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Portach Ardaithe 2017-2022 agus san fhoilseachán Dea-Chleachtas i bPortaigh Ardaithe a Athchóiriú in

Éirinn foilseachán ar an láithreán gréasáin <https://www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/management-plans>

## Forálacha Ginearálta

- a) Riarfaidh an tAonad Bainistíochta Tailte Portaigh, Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (an SPNF) na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an scéim
- b) Tá rannpháirtíocht sa scéim deonach
- c) Déanfar seiceálacha riaracháin ar gach iarratas sula ndéanfar íocaíochtaí faoin scéim

## Sainmhíniú

### Chun críocha na scéime seo:

- Ciallóidh “**ABTP**” an tAonad Bainistíochta Tailte Portaigh
- Ciallóidh “**an SPNF**” an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Ciallóidh “**an RTRÁO**” an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Ciallóidh “**an tAire**” an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Ciallóidh “**Scéim**” an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe
- Ciallóidh “**SCDP**” an Scéim um Cheannach Deonach Portaigh
- Ciallóidh “**CTCCS**” an Scéim Chúitimh Scoir de Bhaint Móna
- Ciallóidh “**SAC**” Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
- Ciallóidh “**NHA**” Limistéar Oidhreachta Nádúrtha
- Ciallóidh “**ÚCM**” an tÚdarás Clárúcháin Maoine
- Ciallóidh “**RTBM**” an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Ciallóidh “**RGCS**” an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí
- Ciallóidh “**BNM**” Bord na Móna

## Coinníollacha na Scéime

### Cé ar féidir leis cur isteach air?

Tá an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS) ar fáil d'iarratais ó shealbhóirí ruílse, feo simplí agus móinchirt a mb'fhéidir go n-imreoidh oibreacha athchóirithe tionchar ar a dtalamh nó a gcearta nó ar a dteastaíonn rochtain chun tabhairt faoi bhearta athchóirithe ar thalamh laistigh de na láithreáin seo mar chuid den chlár náisiúnta athchóirithe do Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) portach ardaithe.

## Cáilitheacht

### Laistigh den Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC)/Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA)

- (i) Beidh gach sealbhóir ruílse, feo simplí agus móinchirt laistigh den SAC/NHA incháilithe iarratas a dhéanamh faoin scéim ar thalamh phortaigh, seachas iarratasóirí cáilitheacha faoin Scéim um Cheannach Deonach Portaigh (VBPS), an Scéim Cúitimh um Cheannach Deonach Portaigh (CTCCS) nó aon iarscéimeanna cúitimh talamh phortaigh na Roinne ina bhfuarthas íocaíocht don **cheapach chéanna thalún** laistigh den SAC/NHA.
- (ii) D'fhéadfadh na tailte siúd cáiliú don scéim. e.g. talamh ghlas nó talamh dhonn laistigh den SAC/NHA i dtaca le haon ghabháltas neamhthalamh phortaigh laistigh den SAC/NHA, lena mbaineann stádas tuartha drochthionchair ag eascairt as bearta athchóirithe nó, faoi chúinsí teoranta, lena mbaineann tábhacht straitéiseach leis na spriocanna foriomlána bainistíochta agus athchóirithe don láithreán, ar mhaithe le rochtain bhunriachtanach agus leis na spriocanna caomhantais náisiúnta a bhaint amach le haghaidh portaigh ardaithe.

### Lasmuigh den SAC/NHA

- (i) D'fhéadfadh aon ghabháltas talún lasmuigh den SAC/NHA, lena mbaineann stádas tuartha drochthionchair ag eascairt as bearta athchóirithe, cáiliú don scéim, e.g. talamh ghlas nó talamh dhonn in aice an SAC/NHA.
- (ii) Mura bhfuil aon stádas tionchair tuartha ag gabháltas talún, ní cháileoidh sé don scéim, seachas i gcásanna teoranta. Má bhaineann tábhacht straitéiseach leis na tailte i dtaobh na spriocanna foriomlána bainistíochta agus athchóirithe don láithreán, ar mhaithe le rochtain bhunriachtanach agus leis na spriocanna caomhantais náisiúnta a bhaint amach le haghaidh portaigh ardaithe, d'fhéadfadh na tailte siúd a bheith incháilithe.

**\*Caithfidh go raibh gach teideal faoi sheilbh nó caithfidh go bhfuil an teideal á aistriú an 1 Meitheamh 2021 nó roimhe sin.**

## **An Scéim um Cheannach Deonach Portaigh nó Iar-Scéimeanna Tailte Portaigh Eile**

- (i)** Ní cháileoidh iarratasóirí rathúla ar an Scéim um Cheannach Deonach Portaigh (VBPS) nó ar iar-scéimeanna tailte portaigh eile má fuair siad cúiteamh maidir le talamh atá le hathchóiriú (d'fhéadfadh eisceachtaí áirithe a bheith i gceist, ar nós má tá úinéireacht ag an iarratasóir ar an VBPS ar an bhfeo simplí go fóill).

## **An Scéim Chúitimh Scoir de Bhaint Móna (CTCCS)**

- (i)** Beidh iarratasóirí rathúla ar an CTCCS a bhfuil tailte breise acu, i.e. talamh ghlas nó dhonn, nach mbaineann lena n-iarratas ar an CTCCS incháilithe iarratas a dhéanamh faoin Scéim seo ar na tailte breise seo.
- (ii)** Beidh iarratasóirí neamhrathúla ar an CTCCS, ar bhunús móin a bhaint i rith na tréimhse 5 bliana roimh na critéir cháilitheacha scoir (lucht bainte móna neamhghníomhach), incháilithe iarratas a dhéanamh faoin scéim seo.
- (iii)** Ní cháileoidh iarratasóirí rathúla ar an CTCCS ar thalamh phortaigh laistigh den SAC/NHA don scéim seo don cheapach/na ceapacha/na tailte céanna portaigh.

## **Scéimeanna Eile**

- (i)** Le bheith incháilithe íocaíocht a fháil, níor cheart na tailte a bhfuil éileamh á dhéanamh dóibh a bheith mar chuid de scéim íocaíochta nó scéim cúitimh a chuireann aon Roinn nó gníomhaireacht eile rialtais ar fáil.



## Critéir Cháilitheacha

### Talamh Phortaigh

Caithfidh gach iarratasóir leas dlíthiúil a bheith acu sa cheapach phortaigh trí theideal ruílse, móincheart nó teideal feo shimplí. (Ní dhéanfar íocaíocht ach leis an sealbhóir teideal ruílse, an sealbhóir feo shimplí agus an sealbhóir móinchirt agus ní dhéanfar é le daoine muinteartha breise).

- (i) Níor cheart go mbeadh an móincheart ar an láithreán ídithe i gcás sealbhóirí móinchirt.
- (ii) Beidh fianaise dhoiciméadach ag teastáil leis an leas dlíthiúil sa cheapach phortaigh a léiriú.
- (iii) Caithfidh nach bhfuil aon mhóin á baint go leanúnach ar an gcheapach phortaigh.

### Talamh Ghlas nó Talamh Dhonn

Caithfidh leas dlíthiúil a bheith ag gach iarratasóir sa talamh trí theideal ruílse agus beidh fianaise dhoiciméadach ag teastáil leis an leas dlíthiúil a léiriú. Iontrálfar conradh díola nó a mhacasamhail de shocrú dlíthiúil nó comhaontú bainistíochta nó léasa talún idir an tAire agus an t-úinéir talún.

## Rátaí Íocaíochta

### Íocaíochtaí Dreasachta le Bearta Athchóirithe Talamh Phortaigh a Éascú:

- a) Ráta cúitimh aonuaire bunaithe ar achar talún **€1,450 in aghaidh an heicteáir** (€587 in aghaidh an acra) a íoc le sealbhóirí teideal ruílse laistigh de SAC nó NHA lena éascú bearta athchóirithe (draenacha a bhlocáil, go príomha) a dhéanamh ar a dtailte agus nach bhfuil íocaíocht á fáil acu faoin CTCCS don talamh atá á hathchóiriú agus nuair a d'fhéadfadh na bearta tionchar a imirt ar na tailte. Nuair a bhíonn sealbhóirí feo shimplí agus móinchirt araon ann, roinnfí an €1,450 in aghaidh an heicteáir 85% / 15% i bhfabhar shealbhóir an mhóinchirt; (caithfidh nach bhfuil an móincheart ídithe ar an gceapach).
- b) I gcás na ndaoine siúd a bhfuil scaireanna coimíneachta acu ar thalamh phortaigh, déanfar íocaíocht nua aonuaire **€1,450 in aghaidh an heicteáir** (i gcás talamh ruílse) agus bíonn gach scairshealbhóir laistigh den choimíneacht laistigh den limistéar athchóirithe i dteideal ráta pro-rata na híocaíochta sin a fháil i gcomhréir lena sciar. Ní bhainfeadh seo ach leis na scairshealbhóirí coimíneachta nach bhfuil íocaíochtaí á bhfáil acu cheana féin faoin CTCCS.
- c) Maidir leis na rátaí cúitimh seo, déanfar **ar a laghad €1,000 agus €15,000, ar a mhéid**, a íoc le gach duine aonair in aghaidh an láithreáin SAC/NHA.

## Tailte a Cheannach, Comhaontuithe Bainistíochta/Léasa Talún

### Portach Ard/Portach Réitithe Neamh-Mhíntírithe

**€7,913 don chéad heicteár** (€3,500 don chéad acra agus €3,000 do gach acra ina dhiaidh sin) agus **€7,413 in aghaidh an heicteáir ina dhiaidh sin** chun an portach ard/an portach réitithe neamh-mhíntírithe a cheannach nach mbaineann le gabháltais talmhaíochta/foraoiseachta, nuair atá an ceannach straitéiseach agus nuair a chuirfidh sé leis an gclár athchóirithe. Tá na rátaí seo ar aon le rátaí na Scéime um Cheannach Deonach Portaigh de chuid na Roinne.

### Talamh Féaraigh/Tailte Talmhaíochta/Portach Réitithe Míntírithe

**€18,970 in aghaidh an heicteáir** (€7,677 in aghaidh an acra) chun talamh féaraigh/tailte talmhaíochta/portach réitithe míntírithe a cheannach ar dóchúil go n-imreoidh na bearta athchóirithe tionchar orthu, agus d'fhéadfadh na tailte sin a laistigh nó lasmuigh de SAC nó NHA.

### Portach Neamh-Ard Draenáilte

**€9,884 in aghaidh an heicteáir** (€4,000 in aghaidh an acra) chun tailte portaigh neamh-arda a cheannach laistigh de nó ar imill SAC NÓ NHA ar dóchúil go n-imreoidh na bearta athchóirithe tionchar orthu agus a bhaineann le gabháltas talmhaíochta/foraoiseachta i ngar agus a bheadh in ann tacú le hinnilt shéasúrach.

### Móinchearta

Níl súil leis nach gceannófar ach Móinchearta mar chuid den scéim seo.

### Comhaontú Bainistíochta Talún

Beartaítear comhaontú bainistíochta talún a reáchtáil mar scéim phíolótach faoin PRBRIS. Do thailte é seo a bhainisteofaí i gcomhthéacs na n-oibreacha athchóirithe (bhainfeadh seo le talamh féaraigh/tailte talmhaíochta/portach réitithe míntírithe agus tailte portaigh neamh-arda), a bhféadfadh na tailte sin a bheith laistigh de nó ar imill SAC nó NHA.

D'iontrálfáí aon chomhaontú léasa/bainistíochta talún inar iontráladh, a d'éascódh an talamh a bhainistiú i gcomhar leis na bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm, ar feadh tréimhse nach faide ná **15 bliana agus d'íocfaí ráta uasta €300 in aghaidh an acra sa bhliain** (arb ionann sin agus €4,500 in aghaidh an acra, ar an iomlán).

Chun na tailte a athchóiríodh a chosaint, beidh ar an úinéir talún comhaontú scríofa a iontráil leis an Aire gan cur isteach go brách ar shláine hidreolaíoch nó éiceolaíochta na dtailte.

Chuirfí deireadh leis an gcomhaontú dá gcuirfí na tailte san áireamh i scéim talmhaíochta eile, le híocaíochtaí cúitimh dhúbailte a sheachaint nó má chuirtear isteach ar na tailte athchóirithe in aghaidh théarmaí an léasa/an chomhaontaithe bainistíochta talún.

## Cáin Ghnóthachan Caipitiúil

Tá íocaíochtaí dreasachta agus suimeanna a fuarthas chun talamh agus móincheart a cheannach faoin Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe díolmhaithe ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil de réir an Achta Airgeadais, 2016

## Nós Imeachta Iarratais

Caithefear iarratais líonta a sheoladh ar aghaidh sa phost chuig:

An Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe,

An tAonad Bainistíochta Tailte Portaigh,

AN SPNF

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,

Bóthar an Bhaile Nua,

Loch Garman Y35 AP90

## Freagracht an Iarratasóra

Beidh an t-iarratasóir freagrach as cur amach a bheith aige/aici féin ar Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime.

Nuair a dhéanann an rannpháirtí ráiteas bréagach nó míthreorach nó má choimeádann siad eolas bunriachtanach siar, ar mhaithe le híocaíocht a fháil faoin Scéim seo lena mbaineann na téarmaí agus coinníollacha seo, is féidir deireadh a chur lena rannpháirtíocht sa Scéim agus aisíocfar aon airgead a íocadh.

Má fhaigheann an rannpháirtí nó daoine eile a ghníomhaíonn leo féin nó le chéile, íocaíochtaí dreasachta faoin Scéim seo ar bhealaí calaoiseacha, d'fhéadfadh go gcuirfead an dlí ar na daoine siúd.

Ní dhéanfar aon íocaíocht i bhfabhar tairbhíthe nuair a dheimhníonn an Roinn gur chruthaigh siad na coinníollacha go saorga a theastaíonn chun na híocaíochtaí siúd a fháil ag féachaint le buntáiste a bhaint amach in aghaidh chuspóirí na Scéime.

Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht sa scéim seo do cheart maoine a athrú.

## Comhaontú Rochtana

Caithfidh gach iarratasóir rathúil comhaontú rochtana a shíniú a bhronnann rochtain ar an Aire, fostaithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí nó gníomhairí an Aire ar na tailte ar a dtabharfar faoi oibreacha athchóirithe. Seolfar seo ar aghaidh lena chur i gcrích i ndiaidh go gceadófar thú páirt a ghlacadh sa scéim.

Déanfar íocaíochtaí le hiarratasóirí rathúla trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) le cuntas bainc ainmnithe.

## Coinníollacha Breise

Is féidir leis an Aire coinníollacha breise a leagan amach ag aon tráth faoin Scéim seo. Tá an ceart ar cosaint ag an Aire na nósanna imeachta a athrú ó thráth go chéile a bhfuiltear le cloí leo agus an Scéim á hoibriú.

## Achomhairc

Más mian le hiarratasóir cinneadh na Roinne a achomharc faoin PRBRIS, ba cheart an t-achomharc a sheoladh i scríbhinn **laistigh de 15 lá oibre i ndiaidh an bhunchinnidh** chuig:

Achomhairc an PRBRIS,  
An tAonad Bainistíochta Tailte Portaigh,  
AN SPNF  
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,  
Bóthar an Bhaile Nua,  
Loch Garman Y35 AP90

Tabharfar fógra scríofa don iarratasóir faoi thoradh an achomhairc.

## Sonraí Teagmhála Ranna / Gníomhaireachtaí Ábhartha eile

Le cóip dheimhnithe a fháil den fhóilió le léarscáileanna (plean teidil); déan teagmháil leis **an Údarás Clárúcháin Maoine (a ÚCM)**:

- An ÚCM, Bóthar Chorcaí, Port Láirge  
Guthán: (051) 303 000 nó Glao Áitiúil 1890 333 001
- An ÚCM, Bóthar an Mhachaire Ghailf, Ros Comáin  
nó
- An ÚCM, Sráid na Seansaíreachta, Baile Átha Cliath 7  
Guthán: (01) 670 nó Glao Áitiúil 1890 333 001

Más **móincheart comhghabhálach** atá sa mhóincheart, **caithfidh** an t-iarratasóir

léarscáil Ghnéithe Speisialta a sholáthar (atá ar fáil freisin ón Údarás Clárúcháin Maoine freisin) ar a léirítear go soiléir an réadmhaoín agus imlíne dhearg timpeall air.



## Dóibh Siúd a bhfuil a Móinchearta Féin Acu Amháin

Más dócha gur bhronn **Coimisiún Talún na hÉireann** nó **Bord na gCeantar Cúng** an móincheart, is féidir cuardach a dhéanamh féachaint an bhfuil **Comhaontú Q3** ann i d'ainm nó in ainm do theaghlaigh. Is féidir an cuardach seo a iarraidh ón **mBrainse Tailte ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM)**:

An Brainse Tailte,

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM),

Sráid Fhearnáin,

An Cabhán

Guthán: (049) 436 8200 nó Glao Áitiúil 1890 200 508

I ndiaidh an cuardach seo a dhéanamh nó más eol don Iarratasóir cheana féin go mbaineann an móincheart le tailte Choimisiún Talún na hÉireann trí **Chomhaontú Q3**, ba cheart an méid seo a leanas a ordú i scríbhinn ón **mBrainse Taifead ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM)**, tar éis an táille chuí a íoc:

1. cóip dheimhnithe de **Chomhaontú Q3** agus
2. léarscáil de cheapach an mhóinchirt.

An Brainse Taifead,

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (an RTBM),

Aonad 11, Eastát Tionsclaíochta Cluain Maighneáin,

Port Laoise,

Contae Laoise

Guthán: (057) 863 4988

nó seol ríomhphost chuig [recordsbranch@agriculture.gov.ie](mailto:recordsbranch@agriculture.gov.ie)

## Cosaint Sonraí

### Ráiteas Príobháideachais

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiciúil agus spásúlachta, as rialtas áitiúil, as réamhaisnéis na haimsire agus as an oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

Tá an Roinn tiomanta do do chuid príobháideachais a chosaint agus meas a léiriú air. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a sholáthraítear di maidir leis an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS), conas a úsáidfear an t-eolas sin, agus cén cearta is féidir leat a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

### Cuspóirí na próiseála

Úsáidfídh an Roinn an t-eolas a chuirtear ar fáil chun d'iarratas ar an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS) a phróiseáil. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta d'aon chuspóir eile seachas é sin dá mbailíodh iad.

### Próifiliú

Ní úsáidfídh an Roinn aon sonraí pearsanta a bailíodh uait maidir leis an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS), le haghaidh cinnteoireacht uathoibríthe, nó ar chuspóirí próifílithe.

### Dlíthiúlacht na Próiseála

Tá próiseáil seo do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6(1)(e) den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí ( an RGCS). Tá ar bhallstáit atá ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) do ghnáthóga agus speicis faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) faoin Acht um Fhiadhúlra, na láithreáin seo a chothabháil agus, sa chás gur cuí, iad a athchóiriú go mbainfidh siad stádas fabhrach caomhnaithe amach.

### Slándáil do Shonraí Pearsanta

Cuireann an Roinn bearta cuí teicniúla agus eagraíochta i bhfeidhm chun d'eolas a chosaint ó rochtain neamhúdaráithe. In ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, níl aon bhearta slándála gan locht ná dothuigthe, agus ní féidir aon mhodh de tharchur sonraí a chinntiú in aghaidh aon idircheaptha nó aon saghas eile de mhí-úsáid. Sa chás go mbaintear de do shonraí pearsanta mar thoradh ar shárú ar shlándáil, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáraithe na Roinne i bhfeidhm.

## Faightheoirí na Sonraí

Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear dó seo sa dlí. Rinne an Roinn Bord na Móna (BNM) a chonrú chun Seirbhísí Seachtracha a Sholáthar, bainistíocht tionscadal agus seirbhísí gairmiúla eile san áireamh, Rannpháirtíocht an Phobail ina measc chun an Chláir Athchóirithe Portach Ardaithe Cosanta ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna) a chur i bhfeidhm. Tá an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS) mar chuid den Chlár seo freisin.

## Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistroidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh maidir leis an Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe (PRBRIS), chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/an LEE.

## Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada sin agus is gá do na cuspóirí dá mbailíodh iad agus dá bpróiseáladh iad agus de réir cheanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí.

## Do Chearta

Tá [Beartas um Chosaint Sonraí](#) na Roinne, ina leagtar amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, agus a sholáthraíonn eolas maidir le do chearta mar ábhar sonraí (sonraí san áireamh maidir le ceart rochtana, ceart ceartaithe, ceart scriosta, cearta srianta próiseála, cearta aighneachta), ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Tá an beartas ar fáil, chomh maith, i gcruachóip ar iarraidh sin. Má cheapann tú gur sáraíodh do chearta, tá an ceart agat chun gearán a dhéanamh le Coimisiún Cosanta Sonraí na hÉireann ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)), agus tá an ceart agat réiteach breithiúnach a lorg.

## Teagmháil a Dhéanamh Linn

Má theastaíonn breis faisnéise uait, nó más mian leat teacht ar do shonraí pearsanta, déan teagmháil, le do thoil, le hOifigeach um Chosaint Sonraí na Roinne. Tá na sonraí ar fáil thíos:

An tOifigeach Cosanta Sonraí  
na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta  
Bóthar an Bhaile Nua  
Loch Garman  
Ríomhphost: [data.protection@housing.gov.ie](mailto:data.protection@housing.gov.ie)



npws.ie

